



Foilsitheoireacht Deisce

| Leibhéal | Ba chóir do dhaltáí: |
|-------------------|---|
| Leibhéal 1 | <ul style="list-style-type: none"> téacs nó íomhá aitheanta a aimsiú, a roghnú agus a iompórtáil i mbogearraí cuí le roinnt cuidithe ón mhúinteoir; agus frása nó abairt shimplí a chruthú le dul leis an íomhá. |
| Leibhéal 2 | <ul style="list-style-type: none"> téacs agus íomhánna a aimsiú agus a roghnú agus iad a úsáid mar is cuí; téacs agus íomhánna a chur le chéile le cáipéis a chruthú, <i>mar shampla, póstaer simplí a chruthú</i>; machnamh a dhéanamh ar an leagan amach agus ailíniú a choigeartú de réir mar is cuí; méid agus dath cuí a roghnú don chló; tuiscint a léiriú ar íomhánna a scálú; agus focail choitianta agus aitheanta a litriú agus spásanna, lánstadanna agus roinnt ceannlitreacha a úsáid. |
| Leibhéal 3 | <ul style="list-style-type: none"> téacs agus íomhánna a chuardach i bhfoinsí digiteacha áirithe, <i>mar shampla ó shuíomhanna gréasáin nó ó fhillteáin chomhroinnte</i>; íomhánna a rochtain, a roghnú agus a iompórtáil ó réimse foinsí a tugadh dóibh, <i>mar shampla ó cheamara, ó stór pictiúr, ó fháisc-ealaín, ón idirlíon nó óna gcuid ealaíne féin</i>. téacs a chruthú nó eagarthóireacht a dhéanamh ar théacs a d'aimsigh siad, ag athrú cló, méide, stíle agus datha; cáipéis a chruthú ag baint úsáid as teimpléid, más cuí, <i>mar shampla bileog, cárta beannachta, póstaer nó greannáin a chruthú</i>; teidil nó fotheidil a chur isteach más cuí; téacs agus íomhánna a chur le chéile agus a chur san áit cheart agus tuiscint a léiriú ar an timfhilleadh téacs; íomhá a scálú sa chóimheas cheart; focail ardmhínicíochta a litriú go cruinn agus poncaíocht cheart agus spásáil cheart a úsáid idir na focail; agus feasacht éigin a léiriú ar thagairtí na bhfoinsí a lua. |
| Leibhéal 4 | <ul style="list-style-type: none"> cáipéis a phleanáil agus a chruthú, ag léiriú feasachta ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir; taighde a dhéanamh ar acmhainní agus iad a roghnú, amhail téacs, íomhánna, graif nó táblaí, ó réimse foinsí; acmhainní a íoslódáil i bhformáid chuí; téacs a chruthú nó eagarthóireacht a dhéanamh ar théacs faighte agus an téacs a fhoramáidiú ag úsáid gnéithe amhail ailíniú, comhfhadú, pointí le hurchair, uimhriú, ailt, colúin agus timfhilleadh téacs; boscaí téacs a úsáid agus a fhoramáidiú mar is cuí; gnéithe amhail dath, imlínte nó uimhreacha leathanaigh a úsáid leis an cháipéis a fheabhsú; fios a bheith acu ar an dóigh a ndéantar íomhá a shábháil agus a easpórtáil san fhormaid chuí comhaid; úsáid a bhaint as seiceálaí digiteach litrithe; tagairt éigin a dhéanamh d'fhoinsí; feasacht a léiriú nach bhfuil gach foinse iontaofa; agus suíomhanna cuí gréasáin a chur le ceanáin/leabharmharcanna. |

Leibhéal

Ba chóir do dhaltaí:

Leibhéal 5

- cáipéis níos casta a phleanáil agus a chruthú;
- taighde a dhéanamh ar acmhainní agus iad a roghnú, amhail téacs, íomhánna, graf, nó táblaí, ó réimse níos leithne foinsí;
- na hacmhainní a ndearnadh taighde orthu a anailísiú agus bheith géarchúiseach maidir le hábharthacht agus cáilíocht na n-acmhainní seo;
- a thuiscint nach bhfuil gach faisnéis oibiachtúil agus nach bhfuil gach foinse iontaofa;
- acmhainní a roghnú, eagarthóireacht a dhéanamh orthu agus iad a úsáid, ag léiriú tuiscint shoiléir ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá beartaithe;
- socruithe maidir le leagan amach cáipéisí a thuiscint agus a úsáid amhail imlínte an leathanaigh agus táib;
- tuiscint a léiriú ar an dóigh ar féidir leagan amach, cló, stíleanna agus dath a aistriú ó scáileán go leathanach clóbhualte;
- téacsbhoscaí nasctha a úsáid le sreabhadh téacs a éascú;
- grúpáil a úsáid, *mar shampla, pictiúr agus ceannscríbhinn/fóscríbhinn*;
- maisíochtaí a chur isteach mar shampla scagadh, scáileanna agus stíleanna le híomhánna a fheabhsú;
- seiceálaí digiteach litrithe, stórchiste digiteach agus foclóir digiteach a úsáid;
- tagairtí a dhéanamh d'fhoinsí agus feasacht a bheith acu ar rialacháin chóipchirt;
- leabharmharcanna a stóráil agus a eagrú; agus
- acmhainní íoslódáilte a stóráil i bhformáid chuí le húsáid bhreise a bhaint astu.



Scannánaíocht agus Beochan

| Leibhéal | Ba chóir do dhaltáí: |
|-------------------|--|
| Leibhéal 1 | <ul style="list-style-type: none"> amharc ar shamplaí d'íomhánna socra agus d'íomhánna gluaisteacha, <i>mar shampla, amharc ar ghrianghraif a ghlac an múinteoir nó ar ghearrscannán beoite agus na rudaí a fheiceann siad a phlé;</i> grianghraif a ghlacadh le ceamara digiteach, <i>mar shampla, grianghraif a ghlacadh mar chuid de thopaic atá á déanamh acu sa rang;</i> agus amharc ar ghrianghraif ar scáileán agus labhairt fúthu, <i>mar shampla, cuireann an múinteoir grianghraif dá gcuid ar an scáileán agus amharcann siad orthu agus labhraíonn siad fúthu.</i> |
| Leibhéal 2 | <ul style="list-style-type: none"> bogearraí fóirsteanacha a úsáid le bheith ag obair le híomhánna réamhluchtaithe nó le híomhánna socra a ghlacadh de rudaí nó de mhionsamhlacha; agus na híomhánna a eagrú i seicheamh le scéal a fhorbairt agus le guthú a thaifeadh, más cuí, <i>mar shampla, Photo Story a úsáid le sraitheog d'íomhánna socra nó grianghraif a ghlacadh de rud nó de dhuine i staidiúirí nó i ngeáitsí céimnithe le beochaintí a chruthú.</i> |
| Leibhéal 3 | <ul style="list-style-type: none"> úsáid a bhaint as clár scéil le hord na n-íomhánna a phleanáil a bheadh de dhíth le beochan nó scannán simplí a dhéanamh; bogearraí cuí a úsáid le beochan nó le scannán simplí a dhéanamh ag úsáid grianghraif socair nó íomhánna féintáirgthe, <i>mar shampla scannán a dhéanamh ar 'An Dóigh le Pancóga a Dhéanamh'; beochan a dhéanamh ar 'Lus Gréine a Fhás'; nó sraitheog íomhánna a tharraingt le smeachleabhar digiteach a chruthú;</i> reacaireacht, fuaimeanna nó ceol a chur leis an scannán nó leis an bheochan; tosú ar ghnéithe leithéidí teideal, trasdultha nó maisíochtaí a chur leis; tosú ar úsáid a bhaint as teanga na n-íomhánna gluaisteacha, <i>mar shampla labhairt faoi mhéid na seatanna a roghnaigh siad.</i> |
| Leibhéal 4 | <ul style="list-style-type: none"> gearrscannán nó beochan a léiríonn feacht ar an spriocghrúpa a phleanáil, é a chur ar chlár scéil agus é a léiriú; teanga na n-íomhánna gluaisteacha a úsáid agus iad ag pleanáil agus ag luacháil, <i>mar shampla, nótaí a chur lena gclár scéalta ag baint úsáid as méideanna fóirsteanacha seatanna amhail seat teann, meánseat agus seat fada, agus a gcuid cinntí a mhíniú ag baint úsáid as teanga na scannán;</i> tús a chur le cinntí eagarthóireachta a dhéanamh, <i>mar shampla, cad é atá le fágáil ar lár agus cad é is cóir dóibh a chur isteach agus iad ag scannánú nó ag déanamh eagarthóireachta;</i> bogearra cuí eagarthóireachta a úsáid le gearrscannán nó le beochan a dhéanamh; trial a bhaint as gnéithe éagsúla mar shampla teidil, trasdultha agus maisíochtaí; maisíochtaí cuí fuaime, ceol nó insint a chur leis; agus obair shábháilte a eagrú agus í a easpórtáil i bhformáid chuí <i>amhail .wmv.</i> |

| Leibhéal | Ba chóir do dhaltaí: |
|-------------------|--|
| Leibhéal 5 | <ul style="list-style-type: none"> • scannán nó beochan a phleanáil agus clár scéil a dhéanamh de, ag léiriú tuiscint shoiléir ar an spriocghrúpa; • léiriú scannáin nó beochana a chruthú, <i>mar shampla beochan den Titanic ag fágáil Bhéal Feirste nó scannán faoi ócáid speisialta ina scoil;</i> • úsáid a bhaint as acmhainní féintáirgthe, <i>mar shampla píosaí scannáin de chuid na n-íomhánna gluaisteacha, íomhánna socra, grianghraif agus taifeadtaí fuaime;</i> • roghanna ciallmhara a dhéanamh maidir le húsáid maisíochtaí agus trasdulta; • maisíochtaí cuí fuaime, ceol agus/nó insint phleanáilte a úsáid; • cinntí soiléire eagarthóireachta a dhéanamh, <i>mar shampla cad é is cóir a fhágáil ar lár agus iad ag scannánú agus le linn an phróisis eagarthóireachta;</i> • teanga na n-íomhánna gluaisteacha a úsáid agus iad ag plleanáil agus ag luacháil, <i>mar shampla nótaí a chur lena gclár scéil ag baint úsáid as méideanna cuí seatanna, mar shampla seat teann, meánseat agus seat fada,</i> agus teanga na scannán a úsáid le cinntí a mhíniú; agus • acmhainní tionscadail a eagrú agus a shábháil i struchtúr ciallmhar comhad agus iad a easpórtáil i bhformáid chuí <i>amhail .wmv.</i> |



Dearadh Idirghníomhach

| Leibhéal | Ba chóir do dhaltaí: |
|-------------------|---|
| Leibhéal 1 | <ul style="list-style-type: none"> úsáid a bhaint as treoracha simplí le gléas nó timpeallacht dhigiteach a fhiosrú, <i>mar shampla Bee-Bot a bhogadh, bogearra idirghníomhach nó trí shuíomh áirithe gréasáin a nascleanúint, nó sprid atá ann cheana féin a ghlacadh agus orduithe a bhí ann roimhe a úsáid lena bhogadh nó lena athrú;</i> agus an rud atá déanta acu a phlé. |
| Leibhéal 2 | <ul style="list-style-type: none"> orduithe a iontráil le bogadh nó athrú a chruthú, <i>mar shampla orduithe a iontráil ionas go mbogfaí Bee-Bot nó turtar ar an scáileán chuig áit ar leith, athrú a dhéanamh ar chuma spride nó sprid a chur ag bogadh i níos mó ná treo amháin;</i> agus an dóigh a dtig leo a gcuid oibre a fheabhsú a phlé. |
| Leibhéal 3 | <ul style="list-style-type: none"> úsáid a bhaint as gléas nó timpeallacht dhigiteach le fadhbanna a réiteach, <i>mar shampla tionscadal simplí Scratch a phleanáil agus a chruthú nó an t-ordú 'athdhéan' (repeat) a úsáid le patrúin nó Logo nó Scratch a úsáid le cruthanna a chruthú;</i> sraith orduithe a chur isteach; agus athruithe a dhéanamh lena gcuid oibre a fheabhsú. |
| Leibhéal 4 | <ul style="list-style-type: none"> fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach i dtimpeallacht dhigiteach, <i>mar shampla rochtain a dhéanamh ar thionscadail Scratch agus iad a bhreathnú agus a athrú lena n-úsáid iad féin, nó tionscadal Scratch nó Mediascape a chruthú a léiríonn feacht ar an spriocghrúpa;</i> sraith treoracha níos casta a chur isteach, <i>mar shampla na treoracha 'broadcast' agus 'when I receive' a úsáid in Scratch taobh istigh de script, nó gnáis a úsáid in Logo;</i> agus uirlisí agus gnéithe cuí TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. |
| Leibhéal 5 | <ul style="list-style-type: none"> fadhb níos casta a phleanáil nó a réiteach nó 'táirge' idirghníomhach a dhearadh agus a chruthú, a léiríonn tuiscint shoiléir ar an chuspóir agus ar an spriocghrúpa, <i>mar shampla cluiche simplí idirghníomhach a phleanáil, a chruthú agus a bheachtú;</i> agus feabhsúcháin leanúnacha a dhéanamh agus luacháil a dhéanamh ar an phróiseas agus ar an toradh. |



Bainistiú Sonraí

| Leibhéal | Ba chóir do dhaltáí: |
|-------------------|--|
| Leibhéal 1 | <ul style="list-style-type: none"> sonraí ar leith a iontráil i mbunachar sonraí nó i mbogearraí eile grafála; agus léiriú grafach a dhéanamh ó shonraí a tugadh dóibh. |
| Leibhéal 2 | <ul style="list-style-type: none"> sonraí a chruinniú a bhfuil anailís le déanamh orthu, <i>mar shampla leathanach bailithe sonraí a úsáid le sonraí a bhailiú a bhaineann le hobair topaice;</i> na sonraí a bailíodh a iontráil ar bhunachar sonraí nó bogearraí eile grafála; agus léiriú grafach a dhéanamh agus breathnuithe a dhéanamh. |
| Leibhéal 3 | <ul style="list-style-type: none"> sonraí dá gcuid féin nó sonraí a tugadh dóibh a chur isteach i mbunachar sonraí a tugadh dóibh nó i scarbhileog; fadhbanna simplí a réiteach ag baint úsáid as na háiseanna atá ar fáil i mbunachar sonraí nó scarbhileog a tugadh dóibh; agus breathnuithe a dhéanamh agus conclúidí a tharraingt, <i>mar shampla tuairimí a nochtadh faoi na sonraí, faoi na torthaí nó faoin léiriú grafach.</i> |
| Leibhéal 4 | <ul style="list-style-type: none"> tuar a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach ag úsáid scarbhileog áirithe; tuiscint a léiriú ar chiall na bhfocal cill, foirmlí, rónna agus colúin; réimse foinsí a úsáid, amhail catalóga, suíomhanna idirlín, táblaí nó liostaí, taighde a dhéanamh ar na sonraí atá de dhíth le fadhb a réiteach; sonraí a ionchur óna gcuid taighde féin i scarbhileog ar leith; agus ceisteanna simplí a fhreagairt trí SORT a úsáid nó trí fhoirmlí simplí ar nós + agus – a úsáid. |
| Leibhéal 5 | <ul style="list-style-type: none"> roinnt gnéithe d'uirlisí digiteacha a úsáid le sonraí a anailísiú agus le fadhbanna a réiteach, <i>mar shampla feidhmeanna ionsuite scarbhileoige a úsáid mar shampla SUM nó AVERAGE;</i> agus foirmlí a oiriúnú le fadhbanna a réiteach i ndiaidh torthaí tosaigh a phlé. |



Ceol agus Fuaim

| Leibhéal | Ba chóir do dhaltaí: |
|-------------------|---|
| Leibhéal 1 | <ul style="list-style-type: none"> gléas digiteach a fhiosrú agus idirghníomhú a dhéanamh leis, <i>mar shampla cnaipí ordaithe a úsáid ar sheinnteoir CD nó ar sheinnteoir MP3</i>; agus taifeadh a dhéanamh i bhfíor-am, le roinnt cuidithe, <i>mar shampla guth, léiriú ceoil nó fuaimeanna a ghabháil</i>. |
| Leibhéal 2 | <ul style="list-style-type: none"> fuaimeanna réamhthaifeadta a oscailt, éisteacht leo agus iad a roghnú; le níos mó neamhspleáchais, taifeadh a dhéanamh i bhfíor-am le guthú, léiriú ceoil nó gníomhaíocht mar fhuaimdhreach a ghabháil; agus comhaid fuaime/taifid a shábháil, le roinnt cuidithe, chuig áit ar leith. |
| Leibhéal 3 | <ul style="list-style-type: none"> comhaid fuaime a aimsiú ó áiteanna a tugadh dóibh nó comhaid fuaime dá gcuid féin a chruthú; comhaid fuaime a chuardach, a roghnú agus a iompórtáil le húsáid ina gcuid oibre féin, <i>mar shampla ó ghléas taifeadta, ón idirlíon nó ó inlíon na scoile chuig fillteán an dalta</i>; gearrthóga fuaime/ceoil a iompórtáil nó a chruthú agus eagarthóireacht shimplí a dhéanamh (más cuí) le húsáid ina gcuid oibre féin, <i>mar shampla Audacity nó bogearraí den chineál chéanna a úsáid le cóipeáil agus greamaigh a úsáid le bearr nó athdhéan a dhéanamh, nó GarageBand a úsáid le cumadóireacht shimplí a chruthú ag baint úsáid as lúba a bhí ann cheana agus/nó taifeadtaí fuaime</i>; agus obair a shábháil, agus, le cuidiú ón mhúinteoir, í a easpórtáil i bhformáid chuí, <i>mar shampla comhad fuaime mar .mp3 nó .wav</i>. |
| Leibhéal 4 | <ul style="list-style-type: none"> tionscadal fuaime nó ceoil a phleanáil agus a chruthú ag úsáid níos mó ná rian amháin, ag léiriú tuisceana ar spriocghrúpa agus ar chuspóir; triall a bhaint as maisíochtaí fuaime eile, <i>mar shampla tuinairde nó luas a athrú</i>; comhaid fuaime agus/nó comhaid cheoil a chur i seicheamh agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu mar is cuí, <i>mar shampla fógra raidió, fuaimphictiúr nó cumadóireacht cheoil nasctha le tionscadal a chruthú</i>; agus obair shábháilte a eagrú agus a easpórtáil i bhformáid chuí <i>amhail .mp3 nó .wav</i>. |
| Leibhéal 5 | <ul style="list-style-type: none"> tionscadal ilrianach fuaime nó ceoil a phleanáil agus a chruthú a léiríonn tuiscint shoiléir ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir; leibhéil fuaime a rialú, <i>mar shampla airde (neartú) i ngach rian a choigeartú leis na fuaimeanna a chothromú nó céimniú isteach nó céimniú amach a úsáid</i>; maisíochtaí fuaime a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú; agus obair shábháilte a eagrú agus a easpórtáil i bhformáid chuí <i>amhail .mp3 nó .wav</i>. |



Cumarsáid ar Líne

| Leibhéal | Ba chóir do dhaltáí: |
|-------------------|---|
| Leibhéal 1 | <ul style="list-style-type: none"> fios a bheith acu gur féidir an TFC a úsáid le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile. |
| Leibhéal 2 | <ul style="list-style-type: none"> fios a bheith acu gur féidir réimse gléasanna TFC a úsáid le cumarsáid a dhéanamh; an gléas TFC is fóirsteanáí le húsáid i gcás áirithe a aithint agus a phlé; agus feasacht a léiriú ar an tábhacht a bhaineann le hiompar cuí inghlactha a úsáid ar líne. |
| Leibhéal 3 | <ul style="list-style-type: none"> Timpeallacht Fhíorúil Foghlama (TFF) a nascleanúint agus ábhair ar leith a aimsiú; fios a bheith acu gur féidir leis an chumarsáid ar líne a bheith ina phróiseas débhealaigh; agus cumarsáid a dhéanamh ar líne le daoine eile agus comhoibriú leo más cuí, <i>mar shampla cur le díospóireacht ar líne ag freagairt do leideanna/postálacha agus/nó r-phoist a chur agus a fhreagairt ag baint úsáid as iompar cuí inghlactha ar líne.</i> |
| Leibhéal 4 | <ul style="list-style-type: none"> TFF a nascleanúint le hábhair ar leith a aimsiú agus a rochtain; bheith páirteach i ngníomhaíocht nó i dtionscadal ar líne agus más cuí, comhoibriú le daoine eile ag úsáid iompar cuí inghlactha ar líne, <i>mar shampla bheith páirteach i dtionscadal comhoibríoch le scoil i gceantar eile nó i dtír eile nó spás oibre simplí a chruthú mar vicí nó blag;</i> agus obair nó áiseanna a chomhroinnt trí mheán r-phost le ceangaltáin a chur nó uaslódáil a dhéanamh chuig timpeallacht ar líne. |
| Leibhéal 5 | <ul style="list-style-type: none"> spás digiteach oibre ar líne dá gcuid féin a chruthú, mar vicí, blag nó suíomh gréasáin, a léiríonn tuiscint shoiléir ar chuspóir agus ar spriocghrúpa, <i>mar shampla vicí, blag nó suíomh gréasáin a phleanáil agus a chruthú faoina rogha laoch a bhfuil staidéar déanta acu air/uirthi agus díospóireacht a dhéanamh le daltaí ó scoil eile;</i> téacs, fuaim, íomhánna socra agus/nó gluaisteacha a fuair siad nó a chum siad a chomhcheangal i limistéar ar líne, ag comhoibriú le daoine eile más cuí, <i>mar shampla VoiceThread a chur ar bun agus iarraidh ar dhaoine eile cur leis;</i> feasacht a bheith acu ar rialacháin chóipchirt; bheith páirteach i ndíospóireachtaí fiúntacha ar líne ag úsáid iompar cuí inghlactha; agus freagraí tráthúla agus ceangaltáin a phostáil le cumarsáid a dhéanamh ar líne, ag tionscnamh snáitheanna nua más cuí. |

Láithreoireacht

| Leibhéal | Ba chóir do dhaltáí: |
|-------------------|--|
| Leibhéal 1 | <ul style="list-style-type: none"> téacs a iontráil agus íomhá nó fuaim a chur isteach i mbogearraí cuí láithreoireachta; agus é seo a chur i láthair don rang, ag labhairt faoi le cuidiú ón mhúinteoir. |
| Leibhéal 2 | <ul style="list-style-type: none"> cur i láthair simplí a chruthú; téacs agus íomhánna nó fuaimeanna a chur isteach; trasdulta simplí a roghnú agus a úsáid; agus a gcur i láthair a thaispeáint don ghrúpa nó don rang le cuidiú ón mhúinteoir. |
| Leibhéal 3 | <ul style="list-style-type: none"> láithreoireacht a chruthú, <i>mar shampla láithreoireacht PowerPoint nó suíomh gréasáin a dhearadh</i>; leagain amach a úsáid má tá siad ar fáil; téacs, íomhánna agus fuaimeanna a chuardach ó fhoinsí digiteacha a tugadh dóibh mar an t-idirlíon nó comhaid roinnte; téacs a chruthú nó eagarthóireacht a dhéanamh ar théacs a d'aimsigh siad; íomhánna agus fuaimeanna roghnaithe a chomhcheangal le téacs ar chúlra fóirsteanach; cló, méid, stíl agus/nó dath an téacs a athrú; íomhánna a chur sa scála ceart; trasdul cuí amháin a roghnú agus a úsáid; roinnt feasachta a léiriú ar thagairtí a chur ar fáil chuig foinsí; agus a gcur i láthair a thaispeáint go neamhspleách don ghrúpa nó don rang. |
| Leibhéal 4 | <ul style="list-style-type: none"> taighde a dhéanamh ar acmhainní agus iad a roghnú, leithéidí téacs, íomhánna socra nó gluaisteacha, ó réimse foinsí; acmhainní a íoslódáil i bhformáid chúí; teimpléad cuí a roghnú agus a úsáid le 'faisnéis' a chur i láthair do spriocghrúpa nó do chuspóir ar leith, <i>mar shampla cur i láthair PowerPoint nó Prezi nó suíomh gréasáin a chruthú</i>; leagan amach a choigeartú mar is gá; téacs a chruthú agus formáid a chur air ag úsáid réimse gnéithe mar bhoscaí téacs, íomhánna, imlínte, urchair agus uimhriú; trasdulta nó modh cuí nascleanúna a úsáid; roinnt tagairtí a dhéanamh d'fhoinsí; feasacht a léiriú nach bhfuil gach foinse iontaofa; suíomhanna cuí gréasáin a chur lena gcuid ceanán/leabharmharcanna; agus a gcur i láthair a thabhairt don ghrúpa nó don rang. |
| Leibhéal 5 | <ul style="list-style-type: none"> cur i láthair ilmheánach a phleanáil agus a chruthú, <i>mar shampla cur i láthair PowerPoint, Prezi nó suíomh gréasáin</i>, ag léiriú tuiscint shoiléir ar chuspóir agus ar spriocghrúpa; acmhainní taighde, mar íomhánna socra agus/nó gluaisteacha agus fuaim, ó réimse níos leithne foinsí; anailís a dhéanamh ar na hacmhainní a ndearnadh taighde orthu agus bheith géarchúiseach maidir le hábharthacht agus cáilíocht na n-acmhainní seo; fios a bheith acu nach bhfuil gach faisnéis oibiachtúil agus nach bhfuil gach foinse iontaofa; acmhainní a roghnú agus a úsáid, ar féidir le cuid acu bheith féintáirgthe agus eagarthóireacht cheart a bheith orthu; beochan chúí shaincheaptha, trasdulta nó nascleanúint chúí a úsáid; tagairtí a dhéanamh d'fhoinsí agus feasacht a bheith acu ar rialacháin chóipchirt; leabharmharcanna a stóráil agus a eagrú; acmhainní íoslódáilte a stóráil i bhformáid chúí lena úsáid amach anseo; agus a gcur i láthair a thabhairt agus ceisteanna a fhreagairt a bhaineann lena bhfuil ann. |



Ag Obair le hÍomhánna

| Leibhéal | Ba chóir do dhaltaí: |
|-------------------|--|
| Leibhéal 1 | <ul style="list-style-type: none"> úsáid a bhaint as uirlisí mar pheann luaidhe, scuab phéinte agus stampa le pacáiste péinteála a fhiosrú; agus pictiúr simplí a chruthú. |
| Leibhéal 2 | <ul style="list-style-type: none"> tosú ar uirlisí a úsáid le níos mó smachta; réimse níos leithne d'uirlisí a úsáid, <i>mar shampla, líon, cruthanna agus maisíochtaí speisialta</i>; agus réimse dathanna a úsáid go cuí. |
| Leibhéal 3 | <ul style="list-style-type: none"> teacht ar íomhánna, iad a roghnú agus a iompórtáil ó réimse d'fhoinsí a tugadh dóibh amhail ceamara, an t-idirlíon, fáisc-ealaín agus/nó a gcuid ealaíne féin scanta ag an mhúinteoir, íomhánna a scálú sa chóimheas cheart; grafaic a chruthú ag úsáid uirlisí cuí agus roghanna uirlisí, mar shampla, na roghanna méid, cló, peann luaidhe, scuab phéinte, péinteáil, líon, maisíocht speisialta, páipéar balla, agus/nó athdhéan; agus coigeartuithe a dhéanamh le hobair a fheabhsú. |
| Leibhéal 4 | <ul style="list-style-type: none"> ealaín dhigiteach a chruthú, lena n-áirítear a gcuid ealaíne féin nó íomhánna scanta, grianghraif, nó íomhá shocair ó scannán, do spriocghrúpa ar leith nó do chuspóir ar leith; eagarthóireacht a dhéanamh ar íomhánna lena bhfeabhsú, <i>mar shampla trí scagairí a chur orthu, tríd an chodarsnacht a choigeartú nó méid a athrú</i>; agus a thuiscint cad é mar a shábháiltear agus a easpórtáiltear íomhá san fhormáid cuí comhaid. |
| Leibhéal 5 | <ul style="list-style-type: none"> ealaín dhigiteach níos casta a phleanáil agus a chruthú ag úsáid réimse d'uirlisí agus de mhaisíochtaí i mbogearraí íomhá, ag léiriú tuiscint shoiléir ar chuspóir agus ar spriocghrúpa; tuiscint a léiriú ar thaifeach íomhá agus iad ag cruthú ealaín dhigiteach agus ag iompórtáil íomhánna; réimse gnéithe agus teicnící a úsáid le hobair fheabhsú; feasacht a bheith acu ar rialacháin chóipchirt; agus ealaín a easpórtáil i bhformáidí cuí comhaid <i>amhail .jpeg, .gif nó .tiff</i>. |